INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE, EARRACH 2017

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

PÁIPÉAR II – 100 MARC

(80 MARC ANSEO AGUS 20 MARC DO 'TEANGA AGUS CULTÚR')

Uair agus leathuair an chloig don pháipéar seo (10.00-11.30). Dhá cheist a fhreagairt, ceist amháin as gach Roinn.

ROINN A

PRÓS

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. "Tá tuiscint den scoth ag an údar ar an asal sa scéal 'M'Asal Beag Dubh,' le Pádraic Ó Conaire."
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

2. "Bean thragóideach is ea Joan sa scéal 'Triúrmhilleadh,' le Seán Mac Mathúna."
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

ROINN B

FILÍOCHT

Freagair Ceist 3 nó Ceist 4

3. "Múintear páistí faoin mbroc agus a chuid nósanna sa dán 'An Broc,' le Pádraig Mac Fhearghusa."
Pléigh an ráiteas sin agus luaigh línte ón dán mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

AN BROC

Dán do pháistí

Is mise an Broc!
Os comhair stróinséirí
táim beagáinín cúthaileach.
'Sea, fíor dhuit,
is nós liom
bualadh amach istoíche,
ach más é is fearr leat,
fáilte romhat isteach
go fóill
im bhrocais.
Á! Fan!
Níl do lapaí
glan go leor.
An doras cúil
a chaithfidh tú
a thabhairt ort féin.
Buail fút ansan anois
sa tseomra bídh,
mar a bhfuil suipéar breá
réidh dár mbeirt
de bhleibíní, pucha,
is dearcáin –
Bíodh frog agat
mar mhilseog ina dhiaidh,
is ós oíche spéirghealaí
'tá againn,
téanam sall ar ball beag
thar an gcoill
go n-ólaimis braon dí
i nGort an tSrutháin.

4. "Tá gné dhorcha sa chaidreamh idir an cailín agus a máthair sa dán 'Máthair,' le Nuala Ní Dhomhnaill."
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don dán mar thacaíocht le do fhreagra.

(40 marc)

MÁTHAIR

Do thugais dom gúna
is thógais arís é;
do thugais dom capall
a dhíolais i m'éagmais;
do thugais dom cláirseach
is d'iarrais thar n-ais é;
do thugais dom beatha.

Féile Uí Bhriain
is a dhá shúil ina dhiaidh.

Cad déarfá
dá stracfainn an gúna?
dá mbáfainn an capall?
dá scriosfainn an chláirseach
ag tachtadh sreanga an aoibhnis
is sreanga na beatha?
dá siúlfainn le haill
thar imeall Cuas Cromtha?
Ach tá's agam do fhreagra, -
le d'aigne mheánaoiseach
d'fhógrófá marbh mé,
is ar cháipéisí leighis
do scríobhfaí na focail
mí-bhuíoch, scitsifréineach.